Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2018
(OR. en)

10148/18
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0243 (COD)**

| | |
|---|---|
| CADREFIN 108 | COLAC 43 |
| FIN 471 | COAFR 165 |
| POLGEN 95 | COASI 153 |
| CODEC 1071 | RELEX 556 |
| ACP 53 | ECOFIN 626 |
| COEST 122 | ASIM 74 |
| MAMA 101 | ATO 38 |
| DEVGEN 100 | PE 83 |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 460 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 7 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 460 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 7.

---

Faoi iamh: COM(2018) 460 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 7

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.6.2018
COM(2018) 460 final

ANNEXES 1 to 7

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta**

{SEC(2018) 310 final} - {SWD(2018) 337 final}

**IARSCRÍBHINN I**
**LIOSTA DE THÍORTHA AGUS DE CHRÍOCHA ATÁ SA LIMISTÉAR COMHARSANACHTA**

An Ailgéir
An Airméin
An Asarbaiseáin
An Bhealarúis
An Éigipt
An tSeoirsia
Iosrael
An Iordáin
An Liobáin
An Libia
Poblacht na Moldóive
Maracó
Críoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil
An tSiria
Túinéis
An Úcráin

Féadfar tacaíocht ón Aontas faoin réimse seo a úsáid freisin chun a chur ar chumas Chónaidhm na Rúise páirt a ghlacadh i gcláir comhair thrasteorann ina mbeidh an tAontas rannpháirteach agus i gcláir ábhartha ilnáisiúnta.

**IARSCRIBHINN II**
**RÉIMSÍ COMHAIR le hAGHAIDH NA gCLÁR GEOGRAFACH**

*A. Le haghaidh réigiúin gheografacha*

POBAIL

**1. An dea-rialachas, an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine**

(a) An daonlathas agus próisis dhaonlathacha, an dea-rialachas agus maoirseacht, lena n-áirítear próisis thoghchánacha thrédhearcacha agus inchreidte;

(b) Cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a neartú;

(c) An comhrac i gcoinne idirdhealú de gach cineál a chur chun cinn, agus prionsabal an chomhionannais, go háirithe comhionannas inscne agus na cearta atá ag daoine ar de mhionlaigh iad;

(d) Tacú le sochaí shibhialta a bhfuil rath uirthi agus tacú leis an ról atá ag an tsochaí i bpróisis athchóirithe agus le claochluithe daonlathacha, agus spás cumasúcháin don tsochaí shibhialta agus saoránaigh a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht pholaitiúil;

(e) An t-iolrachas, an neamhspleáchas agus an ghairmiúlacht atá ag meáin shaora neamhspleácha a fheabhsú;

(f) Cur le hathléimneacht stát, sochaithe, pobal agus daoine aonair maidir le brú agus rúscadh polaitiúil, eacnamaíoch, comhshaoil, bia, déimeagrafach agus sochaíoch;

(g) Forbairt institiúidí poiblí daonlathacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fo-náisiúnta, lena n-áirítear córas breithiúnach, neamhspleách, éifeachtach, éifeachtúil agus cuntasach, an smacht reatha a chur chun cinn, agus rochtain ar an gceartas do chách;

(h) Tacú le próisis athchóirithe riaracháin, lena n-áirítear úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige i leith ríomhrialtais atá bunaithe ar na saoránaigh, lena neartaítear creata dlí agus an córas institiúideach, córais staidrimh náisiúnta, acmhainneachtaí, bainistíocht fhónta airgeadais, agus rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe;

(i) Beartais chríochacha agus uirbeacha atá cuimsitheach cothrom comhtháite a chur chun cinn trí institiúidí agus comhlachtaí poiblí a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fo-náisiúnta agus tacú le próisis éifeachtúla maidir le dílárú agus athstruchtúrú stáit;

(j) Trédhearcacht agus cuntasacht institiúidí poiblí a mhéadú, soláthar poiblí agus bainistíocht airgeadais phoiblí a neartú, ríomhrialtas a fhorbairt agus soláthar seirbhísí a neartú;

(k) Tacú le bainistiú inbhuanaithe, cuntasach agus trédhearcach a dhéanamh ar earnálacha acmhainní nádúrtha agus ar ioncaim a bhaineann le hábhar, agus ar athchóirithe chun beartais chánach chothroma chóra inbhuanaithe a áirithiú.

**2. Deireadh a chur leis an mbochtaineacht, comhrac i gcoinne an neamh-chomhionannais, agus forbairt dhaonna**

(a) Deireadh a chur leis an mbochtaineacht ina gnéithe ar fad, dul i ngleic leis an idirdhealú agus an neamh-chomhionannais agus gan aon duine a fhágáil ar leataobh:

(b) Iarrachtaí a fheabhsú le beartais agus infheistíocht iomchuí a ghlacadh chun cearta an aosa óig agus cearta na mban a chur chun cinn, chun éascú a dhéanamh ar a rannpháirtíocht sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus sibhialta, agus chun a áirithiú go rannchuideoidh siad go hiomlán leis an bhfás cuimsitheach agus leis an bhforbairt inbhuanaithe;

(c) Cosaint agus comhlíonadh chearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, lena n-áirítear cearta eacnamaíocha, saothair agus sóisialta, agus sláinte ghnéis agus atáirgthe agus cearta, agus foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe de gach cineál a chosc;

(d) Aird ar leith a thabhairt dóibh sin atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe, *inter alia* leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus idirinscneach (LGBTI) agus pobail dhúchasacha. Áirítear air sin an t-aistriú ó chúram institiúideach do leanaí go cúram pobalbhunaithe do leanaí a chur chun cinn;

(e) Cur chuige lánpháirtithe a chur chun cinn i leith tacú le pobail, go háirithe na pobail is boichte, maidir leis an rochtain ar riachtanais bhunúsacha agus ar sheirbhísí bunúsacha a fheabhsú;

(f) Tacú le timpeallacht shábháilte chothaitheach a chur ar fáil do leanaí mar ghné thábhachtach lena gcothófar glúin óg shláintiúil de dhaoine óga a bheidh in ann barr a cumais a bhaint amach;

(g) Tacú le rochtain uilíoch ar bhia leordhóthanach inacmhainne sábháilte cothaitheach dóibh sin atá sna cásanna is leochailí, agus slándáil bia agus cothú, go háirithe sna tíortha sin ar fada nó ar minic i ngéarchéim iad;

(h) Tacú le rochtain uilíoch ar shláintíocht uisce óil atá sábháilte agus leordhóthanach, agus sláintíocht, agus bainistíocht uisce inbhuanaithe lánpháirtithe;

(i) Clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, lena bhfaighfear rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte ardcháilíochta inacmhainne, lena n-áirítear trí thacú le córais sláinte láidre sheasmhacha ardcháilíochta a thógáil, agus lena bhfeabhsófar an acmhainn le haghaidh luathrabhadh, laghdú riosca, bainistiú agus gnóthú;

(j) Tacú le cosaint shóisialta uilíoch chothrom agus bearta sábháilteachta sóisialta a neartú chun ioncam bunúsach a ráthú, lena áirithiú nach bhfágfar beo bocht arís iad siúd a tháinig ón mbochtaineacht, agus ar mhaithe leis an athléimneacht a chothú;

(k) Forbairt uirbeach inbhuanaithe chuimsitheach a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas uirbeach, agus fócas á dhíriú orthu siúd is mó i ngátar.

(l) Tacú le húdaráis áitiúla chun soláthar seirbhísí bunúsacha agus rochtain chothrom ar shlándáil bia, tithíocht inrochtana chuibhiúil inacmhainne agus caighdeán beatha a fheabhsú ar leibhéal na cathrach, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla nó i slumaí.

(m) Oideachas neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil atá cuimsitheach cothrom do chách a chur chun cinn, ar gach leibhéal agus lena n-áireofar oiliúint theicniúil agus

gairmoiliúint, i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna freisin, agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chomh maith chun feabhas a chur ar an múineadh agus ar an bhfoghlaim;

(n) Tacú le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta, soghluaisteacht ó thaobh na foghlama de, ó thír chomhpháirtíochta go tír chomhpháirtíochta agus eatarthu, agus idirphlé faoi bheartais le hinstitiúidí, eagraíochtaí, comhlachtaí agus údaráis cur chun feidhme áitiúla, as na tíortha sin;

(o) Comhar i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta agus an taighde, agus sonraí oscailte agus nuálaíocht a chur chun cinn;

(p) Béim ar leith a leagan ar bhorradh a chur faoi chomhordú idir na gníomhaithe ábhartha uile chun cuidiú leis an aistriú ó chás éigeandála chuig céim na forbartha;

(q) Idirphlé idirchultúrtha agus éagsúlacht chultúrtha de gach cineál a chur chun cinn, agus oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn, agus leas iomlán a bhaint as na tionscail chruthaitheacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe shóisialta eacnamaíoch;

(r) Dínit agus athléimneacht daoine atá easáitithe go héigeantach agus go fadtéarmach a chothú agus iad a chuimsiú sa saol eacnamaíoch agus sóisialta i dtíortha óstacha agus i bpobail óstacha.

**3. An imirce agus an tsoghluaisteacht;**

(a) Comhpháirtíochtaí maidir leis an imirce agus an tsoghluaisteacht atá bunaithe ar chur chuige lánpháirtithe a neartú, lena gcumhdófar gach gné den imirce agus cúnamh chun comhaontuithe agus socruithe déthaobhacha nó réigiúnacha cur chun feidhme an Aontais, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí soghluaisteachta;

(b) Tacú le hath-imeascadh inbhuanaithe imirceach atá ag filleadh abhaile;

(c) Aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna maolaitheacha atá leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantach;

(d) Dul i ngleic leis an imirce neamhrialta, gáinneáil ar neacha daonna, agus smuigleáil imirceach, béim ar leith a leagan ar bhorradh a chur faoin gcomhar maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha;

(e) Acmhainneacht eolaíoch, theicniúil, dhaonna agus institiúideach a neartú chun an imirce a bhainistiú;

(f) Tacú le beartais imirce atá bunaithe ar chearta daonna éifeachtacha atá bunaithe, lena n-áirítear cláir chosanta;

(g) Na dálaí a chur chun cinn, lena n-éascófar an imirce dhleathach agus an tsoghluaisteacht dea-bhainistithe, teagmháil idir daoine, uasmhéadú a dhéanamh ar an tionchar forbartha a bheidh ag am imirce;

(h) Cosaint imirceach agus cosaint daoine atá easáitithe go héigeantach a áirithiú;

(i) Tacú le réitigh atá bunaithe ar an bhforbairt le haghaidh daoine atá easáitithe go héigeantach agus dá bpobail óstacha;

(j) I dtíortha tionscnaimh, tacú le rannpháirtíocht an diaspóra;

(k) Aistrithe seoltán atá níos gasta, níos saoire agus níos sábháilte i dtíortha tionscnaimh agus i dtíortha is faighteoirí a chur chun cinn, lena mbainfear leas as an acmhainneacht forbartha.

AN PLÁINÉAD

**4. An comhshaol agus an t-athrú aeráide**

(a) Acmhainneacht eolaíoch, theicniúil, dhaonna agus institiúideach a neartú i dtaca le bainistiú na haeráide agus an chomhshaoil, príomhshruthú agus faireachán; rialachas aeráide réigiúnach agus náisiúnta a neartú.

(b) Rannchuidiú le hiarrachtaí comhpháirtithe chun tabhairt faoina ngealltanais i leith athrú aeráide i gcomhréir le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) agus pleananna gníomhaíochta maidir le maolú agus oiriúnú, lena n-áirítear sineirgíochtaí idir oiriúnú agus maolú;

(c) Fás glas agus gorm inbhuanaithe i ngach earnáil eacnamaíoch a fhorbairt agus/nó a neartú;

(d) An comhar maidir le fuinneamh inbhuanaithe a neartú. an comhar maidir le héifeachtúlacht fuinneamh agus úsáid foinsí fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn agus a mhéadú;

(e) Feabhas a chur ar ghréasáin agus seirbhísí iompair ilmhódacha áitiúla, náisiúnta, réigiúnacha agus ilchríochacha chun cur le tuilleadh deiseanna maidir le forbairt eacnamaíoch aeráidseasmhach agus cruthú post, i bhfianaise forbairt ísealcharbóin aeráidseasmhach. éascú agus léirscaoileadh iompair a neartú, inbhuanaitheacht, sábháilteacht ar bhóithre agus athléimneacht réimsí iompair a fheabhsú;

(f) Rannpháirtíocht pobal áitiúil i bhfreagairtí don athrú aeráide a neartú, éiceachórais a chaomhnú agus acmhainní nádúrtha a rialú. forbairt uirbeach inbhuanaithe agus athléimneacht i limistéir uirbeacha a chur chun cinn;

(g) Caomhantas, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe éiceachóras folláin a chur chun cinn, agus acmhainní nádúrtha a athchóiriú, cosc a chur ar chailliúint na bithéagsúlachta, agus an fiadhúlra a chosaint;

(h) Bainistiú acmhainní uisce ar bhealach lánpháirtithe inbhuanaithe agus comhar uisce trasteorann a chur chun cinn;

(i) Caomhantas agus feabhsúchán stoc carbóin a chur chun cinn trí úsáid talún, athrú ar úsáid talún, agus foraoiseacht a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus díghrádú comhshaoil, fairsingiú fásaigh agus díghrádú talún a chomhrac;

(j) Dífhoraoisiú a theorannú agus forghníomhú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí a chur chun cinn, agus an lománaíocht neamhdhleathach, trádáil maidir le hadhmad neamhdhleathach agus a tháirgí adhmaid a chomhrac;

(k) Tacú le rialachas na n-aigéan, lena n-áirítear limistéir chósta agus mhuirí de gach cineál a chosaint, a athchóiriú agus a chaomhnú, lena gcuimsítear éiceachórais, an bruscar muirí a chomhrac, an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte a chomhrac agus an bhithéagsúlacht mhuirí a chosaint;

(l) Laghdú rioscaí tubaistí réigiúnacha agus athléimneacht a neartú, i sineirgíocht le beartais agus gníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide;

(m) Éifeachtúlacht acmhainní agus tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear dul i ngleic leis an truailliú agus bainistiú fónta ar cheimiceáin agus ar dhramhaíl;

(n) Tacú le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar éagsúlú eacnamaíoch inbhuanaithe, iomaíochas agus trádáil, ar fhorbairt na hearnála príobháidí lena ndíreofar ar fhás ísealcharbóin aeráidseasmhach glas, ar mhicrifhiontair agus FBManna agus comharchumainn, ag baint buntáiste as comhaontuithe trádála atá ann cheana leis an Aontas Eorpach.

RATHÚNAS

**5. Forbairt eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus cuimsitheach agus fostaíocht chuibhiúil**

(a) Tacú le fiontraíocht, fostaíocht chuibhiúil agus infhostaitheacht trí scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, lena n-áirítear oideachas, caighdeáin saothair agus dálaí oibre, agus cruthú deiseanna go háirithe don aos óg;

(b) Tacú le conairí forbartha náisiúnta a bhaineann an leas is mó is féidir as torthaí agus tionchair dhearfacha shóisialta agus an cánachas forchéimnitheach agus beartais phoiblí athdháiliúcháin;

(c) Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus infheistíochta, timpeallacht rialála chumasúcháin a chruthú le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus tacú le cuideachtaí, go háirithe MFBManna, chun a ngnó a leathnú agus poist a chruthú;

(d) Inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil a neartú, freagracht shóisialta chorparáideach agus iompar gnó freagrach trí na slabhraí breisluacha iomlána;

(e) Éifeachtacht caiteachais phoiblí a mhéadú agus úsáid níos straitéisí airgeadais phoiblí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ionstraimí a chumasc chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach bhreise a charnadh isteach;

(f) Borradh a chur faoi acmhainneacht cathracha chun a bheith ina moil le haghaidh fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus nuálaíochta;

(g) Comhtháthú inmheánach, eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn, lena ndéanfar naisc níos láidre idir limistéir uirbeacha agus thuaithe agus lena n-éascófar forbairt earnáil na turasóireachta a ghiaráil le haghaidh forbairt inbhuanaithe;

(h) Borradh a chur faoi shlabhraí breisluacha bia agus talmhaíochta agus a éagsúlú, éagsúlú eacnamaíoch a chur chun cinn, breisiú luacha, iomaíochas agus trádáil a lánpháirtiú ar bhonn réigiúnach, agus nuálaíochtaí inbhuanaithe ísealcharbóin atá seasmhach i gcoinne athrú na haeráide a neartú;

(i) Tacú le bainistíocht iascaigh inbhuanaithe agus dobharshaothrú inbhuanaithe;

(j) Rochtain uilíoch ar an bhfuinneamh inbhuanaithe a chothú, geilleagar ciorclach atá aeráidseasmhach agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de i gcomhréir le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide;

(k) An tsoghluaisteacht chliste, inbhuanaithe, chuimsitheach, shábháilte agus shlán a chur chun cinn, mar aon le feabhas a chur ar nascacht iompair leis an Aontas;

(l) Nascacht dhigiteach chuimsitheach iontaofa inacmhainne a chur chun cinn agus an geilleagar digiteach a neartú;

(m) Margaí agus earnálacha a fhorbairt agus a neartú ar shlí a gcuirfí borradh faoin bhfás cuimsitheach inbhuanaithe;

(n) Tacú leis an gclár oibre maidir le lánpháirtiú réigiúnach agus beartais trádála optamacha, agus tacú leis na comhaontuithe trádála idir an tAontas Eorpach agus a chomhpháirtithe a chomhdhlúthú agus a chur chun feidhme;

(o) Comhar i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta agus an taighde, agus sonraí oscailte agus nuálaíocht a chur chun cinn;

(p) Idirphlé idirchultúrtha agus éagsúlacht chultúrtha de gach cineál a chur chun cinn, agus oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn;

(q) Mná a chumhachtú chun tabhairt faoi ról níos mó sa gheilleagar agus sa chinnteoireacht;

(r) Feabhas a chur ar rochtain ar obair chuibhiúil agus margaí saothair atá níos cuimsithí agus atá ag feidhmiú go héifeachtach, agus beartais fostaíochta atá dírithe ar obair chuibhiúil do chách, go háirithe don aos óg, a chruthú;

(s) Rochtain chóir inbhuanaithe gan saobhadh ar earnálacha eastóscacha a chur chun cinn.

<u>AN tSÍOCHÁIN</u>

**6. An tslándáil, an chobhsaíocht agus an tsíocháin**

(a) Rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht trí chur le hathléimneacht stát, sochaithe, phobal agus daoine aonair maidir le brú agus rúscadh polaitiúil, eacnamaíoch, comhshaoil, déimeagrafach agus sochaíoch;

(b) Tacú le cosc coinbhleachta, luathrabhadh agus cothú síochána trí idirghabháil, bainistiú géarchéime, agus cobhsú;

(c) Tacú le hathchóiriú na hearnála slándála a chuireann ar fáil do dhaoine aonair agus don stát slándáil atá níos éifeachtaí agus níos cuntasaí le haghaidh forbairt inbhuanaithe de réir a chéile;

(d) Tacú le fothú acmhainneachta na ngníomhaithe míleata chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt;

(e) Tacú le tionscnaimh réigiúnacha agus idirnáisiúnta lena gcuirfear leis an tslándáil, an chobhsaíocht agus an tsíocháin;

(f) An radacú a bhfuil an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht mar thoradh air a chosc agus a chomhrac;

(g) Comhrac i gcoinne foréigean, éilliú agus coireacht eagraithe agus sciúradh airgid d'aon chineál;

(h) Comhar trasteorann maidir le hacmhainní nádúrtha comhroinnte a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe a chur chun cinn;

(i) Comhoibriú le tríú tíortha maidir le húsáid shíochánta fuinnimh núicléach, go sonrach trí fhothú acmhainneachta agus forbairt bonneagair i dtríú tíortha sna réimsí sláinte, talmhaíochta agus sábháilteachta bia; mar aon le tacú le gníomhuithe sóisialta a thugann aghaidh ar an tionchar a bheidh ag aon timpiste raideolaíoch ar an gcuid is leochailí den phobal agus atá dírithe ar na dálaí maireachtála atá acu a fheabhsú; bainistiú eolais, oiliúint agus oideachas i réimsí núicléacha a chur chun cinn;

(j) An tslándáil mhuirí a fheabhsú chun aigéin shábháilte, shlána, ghlana a bhainistítear go hinbhuanaithe a chinntiú;

(k) Tacú le fothú acmhainneachta sa chibearshlándáil, líonraí digiteacha athléimneacha, cosaint sonraí agus príobháideachas.

COMHPHÁIRTÍOCHT

**7. Comhpháirtíocht**

(a) Úinéireacht, comhpháirtíocht agus idirphlé, a fheabhsú i measc na dtíortha chun rannchuidiú le gach gné den chomhar um fhorbairt feidhmiú níos éifeachtaí (agus aird ar leith á tabhairt do na dúshláin shonracha atá roimh na Tíortha is Lú Forbairt agus roimh na tíortha atá thíos le coinbhleacht, mar aon le dúshláin shealadacha shonracha atá roimh thíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh);

(b) Idirphlé polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha a dhéanamh ar bhonn níos doimhne idir an tAontas agus tríú tíortha agus eagraíochtaí réigiúnacha, agus tacú le gealltanais idirnáisiúnta agus déthaobhacha a chur chun feidhme;

(c) Dea-chaidrimh chomharsanachta, lánpháirtiú réigiúnach, nascacht fheabhsaithe, comhar agus idirphlé a spreagadh;

(d) Timpeallacht chumasúcháin le haghaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn, lena n-áirítear fondúireachtaí, lena bhfeabhsófar a rannpháirtíocht fhónta struchtúrtha i mbeartais intíre agus a n-acmhainneacht chun a róil a fheidhmiú ina ngníomhaithe neamhspleácha forbartha agus rialachais; agus bealaí nua a neartú chun dul i mbun comhpháirtíochta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena gcuirfear idirphlé substaintiúil struchtúrtha chun cinn leis an Aontas agus lena mbainfear úsáid éifeachtach as treochláir náisiúnta chun go rachaidh an tAontas Eorpach i mbun caidrimh leis an tsochaí shibhialta;

(e) Dul i mbun caidrimh le húdaráis áitiúla agus tacú lena ról mar lucht déanta beartas agus lucht déanta cinntí chun borradh a chur faoin bhforbairt áitiúil agus faoin rialachas feabhsaithe;

(f) Dul i mbun caidrimh ar bhonn níos éifeachtaí le saoránaigh i dtríú tíortha, lena n-áirítear úsáid iomlán a bhaint as taidhleoireacht eacnamaíoch, chultúrtha agus phoiblí;

(g) Dul i mbun caidrimh le tíortha tionsclaíocha agus le tíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh maidir le Clár Oibre 2030, leasanna agus dúshláin phoiblí dhomhanda a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse an chomhair Theas-Theas agus an chomhair thriantánaigh;

(h) Lánpháirtiú agus comhar réigiúnach a spreagadh ar bhealach a ndíreofar ar thorthaí trí thacaíocht a thabhairt don lánpháirtiú réigiúnach agus don idirphlé réigiúnach;

***B. Réimsí ar leith maidir leis an limistéar Comharsanachta***

(a) Comhar polaitiúil feabhsaithe a chur chun cinn;

(b) Tacú le comhaontuithe comhlachais, comhaontuithe eile atá ann cheana féin nó a bheidh ann amach anseo, agus cláir oibre chomhlachais agus tosaíochtaí comhpháirtíochta atá comhaontaithe ar bhonn comhpháirteach nó doiciméid choibhéiseacha a chur chun feidhme;

(c) Comhpháirtíocht neartaithe le sochaithe a chur chun cinn idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear teagmháil idir daoine;

(d) Comhar réigiúnach a fheabhsú, go háirithe faoi chuimsiú Chomhpháirtíocht an Oirthir, an Aontais don Réigiún Meánmhuirí, agus comhoibriú ar fud limistéar na Comharsanachta Eorpaí mar aon le comhar trasteorann;

(e) Lánpháirtiú comhleanúnach i margadh inmheánach an Aontais a bhaint amach mar aon le comhar feabhsaithe earnála agus trasearnála, lena n-áirítear trí chomhfhogasú reachtach agus cóineasú rialála i dtreo chaighdeáin an Aontais agus i dtreo caighdeán idirnáisiúnta ábhartha eile agus feabhas a chur ar rochtain ar an margadh lena n-áirítear limistéir shaorthrádála dhoimhne agus chuimsitheacha, institiúidí agus infheistíochtaí gaolmhara a fhorbairt.

## IARSCRÍBHINN III
## RÉIMSÍ IDIRGHABHÁLA FAOI CHLÁIR THÉAMACHA

### 1. RÉIMSÍ IDIRGHABHÁLA LE hAGHAIDH CEARTA DAONNA AGUS AN DAONLATHAIS

- Rannchuidiú leis na luachanna bunúsacha a bhaineann leis an daonlathas, an smacht reachta, uilíochas agus doroinnteacht chearta an duine, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an neamh-idirdhealaithe, an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta.
- An deis a chur ar fáil le haghaidh comhair agus comhpháirtíochta leis an tsochaí shibhialta maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus leis an daonlathas, lena n-áirítear i gcásanna íogaire agus práinneacha. Forbrófar straitéis chomhleanúnach iomlánach ar gach leibhéal chun na cuspóirí thíos a ghnóthú.
- Cearta daonna agus saoirsí bunúsacha a chaomhnú do chách, lena rannchuideofar le sochaithe a chruthú ina bhfuil an rannpháirtíocht, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas agus an chuntasacht, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas i réim. Déanfar faireachán ar an urraim a thabharfar do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha do chách agus déanfar iad a chosaint i gcomhréir le prionsabail uilíochas, doroinnteacht agus idirspleáchas chearta an duine. Áireofar ar raon feidhme an chláir cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Tabharfar aghaidh ar na dúshláin atá i gcearta an duine agus, san am céanna, cuirfear beocht sa tsochaí shibhialta agus tabharfar cumhacht do chosantóirí chearta an duine, lena gcuirfear san áireamh na deiseanna atá ag éirí níos lú do na gníomhaíochtaí atá acu.
- An daonlathas a fhorbairt, a fheabhsú agus a chosaint, aghaidh a thabhairt ar gach gné den rialachas daonlathach ar bhonn cuimsitheach, lena ndéanfar iolrachas an daonlathais a threisiú, rannpháirtíocht na saoránach a fheabhsú, agus tacú le próisis thoghchánacha atá inchreidte cuimsitheach trédhearcach. Neartófar an daonlathas trí na crainn taca is tábhachtaí de chórais an daonlathais a chosaint, lena n-áirítear an smacht reachta, noirm agus luachanna an daonlathais, meáin neamhspleácha, institiúidí chuntasacha agus cuimsitheacha, agus páirtithe polaitiúla agus parlaimintí san áireamh, agus an comhrac in aghaidh an éillithe. Is tábhachtach an ní ar fad é an bhreathnóireacht toghcháin chun go mbeidh tacaíocht leathan ann do na próisis dhaonlathacha. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh breathnóireacht thoghcháin an Aontais Eorpaigh de bheith ina chomhpháirt thábhachtach den chlár agus an obair leantach ar na moltaí ó mhisin bhreathnóireachta thoghcháin an Aontais Eorpaigh chomh maith leis sin.
- Iltaobhachas éifeachtach agus comhpháirtíocht straitéiseach a chur chun cinn, rannchuidiú le hacmhainneachtaí creataí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint. Cuirfear borradh faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus aird ar leith á tabhairt ar Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus sásraí ábhartha réigiúnacha agus náisiúnta um chearta an duine. Lena chois sin, cuirfear oideachas agus taighde faoi chearta an duine agus faoin daonlathas chun cinn sa chlár, lena n-áirítear an Campas Domhanda um Chearta an Duine agus um an Daonlathas.

## 2. RÉIMSÍ IDIRGHABHÁLA LE hAGHAIDH EAGRAÍOCHTAÍ NA SOCHAÍ SIBHIALTA

**1. Spás sibhialta don tsochaí shibhialta atá cuimsitheach, bunaithe ar an rannpháirtíocht, cumhachtaithe agus neamhspleách sna tíortha comhpháirtíochta**

(a) Timpeallacht chumasúcháin a chur chun cinn le haghaidh rannpháirtíocht saoránach agus ghníomhaíocht na sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí bhíthin fondúireachtaí.

(b) Acmhainneacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhothú, lena n-áirítear fondúireachtaí, chun feidhmiú mar ghníomhaithe forbartha agus rialachais.

(c) Acmhainneacht líonraí, ardán agus comhghuaillíochta de chuid na sochaí sibhialta sna tíortha comhpháirtíochta a mhéadú.

**2. Idirphlé le heagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus idirphlé eatarthu faoi bheartas forbartha**

(a) Fóraim idirphlé chuimsitheacha ina bhfuil a lán páirtithe leasmhara rannpháirteach, lena n-áirítear idirchaidreamh idir saoránaigh, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, údaráis áitiúla, na Ballstáit, tíortha comhpháirtíochta agus príomhpháirtithe leasmhara eile a bhaineann leis an bhforbairt;

(b) An deis a chur ar fáil do ghníomhaithe de chuid na sochaí sibhialta chun dul i gcomhar le chéile agus an taithí atá acu a mhalartú le chéile;

(c) Idirphlé substainteach struchtúrtha leanúnach agus comhpháirtíochtaí leis an Aontas Eorpach a áirithiú.

**3. Feasacht, eolas agus rannpháirtíocht shaoránaigh na hEorpa maidir le saincheisteanna na forbartha**

(a) Daoine a chumhachtú chun cur lena rannpháirtíocht;

(b) Tacaíocht phoiblí a shlógadh san Aontas, i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha do straitéisí forbartha inbhuanaithe cuimsitheacha i dtíortha comhpháirtíochta.

## 3. RÉIMSÍ IDIRGHABHÁLA LE hAGHAIDH NA COBHSAÍOCHTA AGUS NA SÍOCHÁNA

**1. Cúnamh maidir le coinbhleachtaí a chosc, maidir le cothú na síochána agus maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna**

Soláthróidh an tAontas cúnamh teicniúil agus airgeadais ina gcumhdófar tacaíocht do bhearta lena ndírítear ar acmhainneacht na gcomhpháirtithe a fhorbairt agus a neartú maidir le coinbhleachtaí a chosc, le cothú na síochána agus le dul i ngleic le riachtanais réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí eile idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha, agus le gníomhaithe Stáit agus na sochaí sibhialta agus iad ag iarraidh an méid seo a dhéanamh

go príomha sna réimsí seo a leanas, lena n-áirítear aird ar leith a thabhairt do rannpháirtíocht na mban:

(a) luathrabhadh agus anailís riosca atá íogair ó thaobh coinbhleachta; bearta maidir le cothú muiníne, idirghabháil, idirphlé agus athmhuintearas;

(b) téarnamh iar-choinbhleachta agus téarnamh iarthubaiste freisin;

(c) bearta tacaíochta maidir le cothú síochána agus forbairt Stáit;

(d) cosc coinbhleachta agus freagairt do ghéarchéimeanna;

(e) Fothú Acmhainneachta maidir leis an tSlándáil agus an Fhorbairt.

**2. Cúnamh maidir le tabhairt faoi bhagairtí domhanda agus trasréigiúnacha agus faoi bhagairtí atá ag teacht chun cinn**

Soláthróidh an tAontas cúnamh teicniúil agus airgeadais chun tacú le hiarrachtaí na gcomhpháirtithe agus le gníomhaíochtaí an Aontais lena dtabharfar faoi bhagairtí domhanda agus trasréigiúnacha agus faoi bhagairtí atá ag teacht chun cinn:

(a) bagairtí ar an ord poiblí, agus ar shlándáil agus ar shábháilteacht daoine aonair, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht eagraithe, an chibearchoireacht, bagairtí hibrideacha, an gháinneáil aindleathach, trádáil mhídhleathach agus idirthuras mídhleathach;

(b) bagairtí do spásanna poiblí, don bhonneagar criticiúil, don chibearshlándáil, don tsláine phoiblí nó do chobhsaíocht an chomhshaoil**,** na bagairtí i gcoinne na slándála muirí, bagairtí a thagann ó thionchair an athraithe aeráide;

(c) maolú rioscaí, bídís ina rioscaí toiliúla, de thaisme nó nádúrtha, a bhaineann le hábhair nó le hoibreáin cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha agus rioscaí d'fhearais nó do shuíomhanna a bhaineann le hábhar;

(d) Fothú Acmhainneachta maidir leis an tSlándáil agus an Fhorbairt.

## 4. RÉIMSÍ IDIRGHABHÁLA LE hAGHAIDH DÚSHLÁIN DHOMHANDA

### *A. POBAIL*

**1. Sláinte**

(a) Gnéithe ríthábhachtacha de chóras sláinte éifeachtach cuimsitheach a fhorbairt ar fearr aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal fornáisiúnta chun rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte, agus ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar chearta a fháil;

(b) Tionscnaimh dhomhanda a threisiú atá ina bpríomhchuspóirí chun clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach trí cheannaireacht dhomhanda a léiriú i gcur chuige i leith an tsláinte a phlé i ngach beartas lena n-áireofar leanúntas cúraim sláinte, an tsláinte a chur chun cinn ó chúram sláinte coisctheach go hiarchóireáil;

(c) Aghaidh a thabhairt ar an tslándáil dhomhanda sláinte trí thaighde a dhéanamh ar ghalair theagmhálacha agus iad a rialú, úsáid a bhaint as eolas chun táirgí agus beartais a cheapadh a rachaidh i ngleic le hualach an ghalair atá ag athrú i rith an ama (galair neamhtheagmhálacha, míchothú de gach cineál agus fachtóirí riosca comhshaoil), agus a mhúnlaíonn margaí domhanda chun feabhas a chur ar an rochtain ar thráchtearraí sláinte agus seirbhísí cúraim shláinte ríthábhachtacha, go háirithe don tsláinte ghnéis agus atáirgthe.

**2. Oideachas**

(a) Iarrachtaí domhanda comhpháirteacha don oideachas ardcháilíochta atá cuimsitheach cothrom ar gach leibhéal a chur chun cinn, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna;

(b) Eolas, scileanna agus luachanna a threisiú trí chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí, ar mhaithe le saoránacht ghníomhach agus sochaithe táirgiúla cuimsitheacha athléimneacha;

(c) Tacú le gníomhú domhanda maidir le gach gné den neamh-chomhionannas a laghdú, amhail na bearnaí idir cailíní/mná agus buachaillí/fir, chun a áirithiú go mbeidh comhionannas deiseanna ag gach duine páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch agus sóisialta.

**3. Mná agus leanaí**

(a) Iarrachtaí domhanda, comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí a stiúradh agus tacú leo chun deireadh a chur le gach cineál foréigean in aghaidh na mban agus cailíní; áirítear orthu sin foréigean fisiciúil, gnéasach, eacnamaíoch agus gach cineál eile den fhoréigean agus den idirdhealú, agus an t-eisiamh san áireamh lena gcuirtear mná faoi mhíbhuntáiste sna réimsí éagsúla dá saol príobháideach agus poiblí;

(b) Tionscnaimh nua a chur chun cinn chun córais níos láidre maidir le cosaint leanaí i dtríú tíortha a cheapadh, a áiritheoidh go ndéanfar leanaí a chosaint ar an bhforéigean, ar an mí-úsáid agus ar an bhfaillí i ngach réimse, lena n-áirítear tríd an t-aistriú ó chúram institiúideach do leanaí go cúram pobalbhunaithe do leanaí a chur chun cinn.

**4. Imirce agus easáitiú éigeantach**

(a) Ceannaireacht leanúnach an Aontais Eorpaigh a áirithiú chun an clár oibre domhanda maidir le gach gné den rialachas a bhaineann leis an imirce agus an easáitiú éigeantach;

(b) Idirphlé faoi bheartais dhomhanda agus thrasréigiúnacha a stiúradh agus tacú leis sin, lena n-áirítear malartú eolais agus comhar maidir leis an imirce agus an easáitiú éigeantach;

(c) Tacú le gealltanais idirnáisiúnta agus gealltanais an Aontais Eorpaigh maidir leis an imirce agus an easáitiú éigeantach a chur chun feidhme, lena n-áirítear obair leantach ar an gComhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce agus ar an gComhshocrú Domhanda maidir le Dídeanaithe;

(d) An bonn fianaise domhanda a fheabhsú, lena n-áirítear an nasc idir earnáil na himirce agus na forbartha, agus gníomhuithe píolótacha a thionscnamh chun cineálacha cur chuige nuálacha oibríochtúla a cheapadh i réimse na himirce agus an easáitithe éigeantaigh.

**5. Obair chuibhiúil, cosaint shóisialta agus neamh-chomhionannas**

(a) An clár oibre domhanda a mhúnlú agus tacú le tionscnaimh maidir le colún daingean de chothromas agus ceartas sóisialta a lánpháirtiú i gcomhréir le luachanna an Aontais Eorpaigh;

(b) Rannchuidiú leis an gclár oibre domhanda maidir le hobair chuibhiúil, go háirithe i slabhraí breisluacha domhanda, agus eolas a fheabhsú faoi bheartais éifeachtacha fostaíochta a fhreagraíonn do riachtanais mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil;

(c) Tacú le tionscnaimh dhomhanda maidir le cosaint shóisialta uilíoch atá i gcomhréir le prionsabail na héifeachtúlachta, na hinbhuanaitheachta agus an chothromais; lena n-áirítear tacú le haghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas agus an comhtháthú sóisialta a áirithiú;

(d) Taighde agus forbairt dhomhanda a chur i gcrích i rith an ama tríd an nuálaíocht shóisialta lena bhfeabhsófar cuimsiú sóisialta agus lena dtabharfar aghaidh ar na riachtanais atá ag na grúpaí is leochailí den tsochaí.

**6. Cultúr**

(a) Tionscnaimh maidir le héagsúlacht chultúrtha agus idirphlé idirchultúrtha le haghaidh caidrimh shíochánta idir pobail a chur chun cinn;

(b) Tacú leis an gcultúr mar uirlis chun an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe a spreagadh agus an comhar maidir leis an oidhreacht chultúrtha a threisiú.

***B. PLÁINÉAD***

**1. Comhshaol folláin a áirithiú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide**

(a) Rialachas aeráide agus comhshaoil dhomhanda a threisiú, Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, Coinbhinsiúin Rio agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil eile;

(b) Cabhrú leis an síneadh seachtrach de bheartais an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide;

(c) Cuspóirí maidir leis an gcomhshaol, athrú aeráide agus laghdú rioscaí tubaiste i mbeartais, pleananna agus infheistíochtaí a lánpháirtiú trí eolas agus faisnéis fheabhsaithe;

(d) Tionscnaimh idirnáisiúnta agus tionscnaimh an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme chun oiriúnú don athrú aeráide agus maolú an athraithe aeráide agus forbairt aeráidseasmhach ísealcharbóin a chur chun cinn, lena n-áirítear na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) agus straitéisí ísealcharbóin aeráidseasmhacha a chur chun feidhme, laghdú rioscaí tubaiste a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú comhshaoil agus cosc a chur ar chailliúint na bithéagsúlachta, caomhantas, úsáid inbhuanaithe agus bainistiú éiceachóras talún agus muirí agus acmhainní

nádúrtha inathnuaite, lena n-áirítear talamh, uiscí, aigéin, iascach agus foraoisí, aghaidh a thabhairt ar dífhoraoisiú, díghrádú talún, lománaíocht neamhdhleathach agus gáinneáil ar fhiadhúlra, dul i ngleic le truailliú agus comhshaol folláin a áirithiú, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna aeráide agus comhshaoil atá ag teacht chun cinn, éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn, tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe agus bainistiú fónta ar cheimiceáin agus ar dhramhaíl agus tacú leis an aistriú chuig geilleagair chiorclacha agus ghlasa íseal-astaíochtaí aeráidseasmhacha.

**2. Fuinneamh inbhuanaithe**

(a) Tacú le hiarrachtaí, gealltanais, comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí domhanda, lena n-áirítear an t-aistriú chuig fuinneamh inbhuanaithe;

(b) Rialtais chomhpháirtíochta a spreagadh le lánleas a bhaint as beartas na hearnála fuinnimh agus as athchóirithe margaidh le go mbunófar timpeallacht fhabhrach d'infheistíochtaí a mhéadóidh an rochtain ar sheirbhísí fuinnimh atá inacmhainne, nua-aimseartha, iontaofa agus inbhuanaithe, agus a chuireann fócas láidir ar fhuinneamh inathnuaite agus ar éifeachtúlacht fuinnimh;

(c) Samhlacha gnó atá inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais de agus atá inscálaithe agus inmhacasamhlaithe a fhiosrú, a shainaithint, a phríomhshruthú ar bhonn domhanda agus tacú leis na samhlacha gnó sin, lena soláthrófar teicneolaíochtaí nuálacha digiteacha trí thaighde nuálach a áiritheoidh éifeachtúlacht mhéadaithe, go háirithe do chineálacha cur chuige díláraithe lena soláthrófar rochtain ar fhuinneamh trí fhuinneamh inathnuaite, lena n-áirítear sna réimsí sin a bhfuil acmhainneacht an mhargaidh áitiúil teoranta.

## *C. RATHÚNAS*

**1. Fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, poist chuibhiúla agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí**

(a) Infheistíocht phríobháideach inbhuanaithe a chur chun cinn trí shásraí nuálacha maoinithe agus roinnt rioscaí;

(b) Timpeallacht ghnó agus infheistíochta a fheabhsú, a thacóidh leis an idirphlé feabhsaithe idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, agus acmhainneachtaí Micrifhiontar, Fiontar Beag agus Meánmhéide a fhothú;

(c) Tacú le beartas trádála agus comhaontuithe trádála an Aontais agus lena gcur chun feidhme; agus rochtain ar mhargaí tíortha comhpháirtíochta a fheabhsú agus deiseanna trádála, infheistíochta agus gnó a fheabhsú do chuideachtaí ón Aontas, agus bacainní ar rochtain ar an margadh agus ar infheistíocht a bhaint;

(d) Meascán éifeachtach de bheartais a chur chun cinn a thacóidh le héagsúlú eacnamaíoch, breisiú luacha, agus lánpháirtiú réigiúnach agus geilleagar glas agus gorm inbhuanaithe;

(e) Rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha a éascú, lena n-áirítear rochtain ar airgeadas agus cuimsiú airgeadais a chur chun cinn;

(f) Tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí agus cleachtais nuálacha a chur chun cinn le haghaidh geilleagar ciorclach ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de.

**2. Slándáil bia agus cothaithe**

(a) Tacú le straitéisí, eagraíochtaí, sásraí agus gníomhaithe idirnáisiúnta a chuireann saincheisteanna beartais agus creata móra domhanda maidir le slándáil bia agus cothaithe agus tionchar a imirt orthu sin ar fad;

(b) Leasanna poiblí domhanda a fheabhsú lena gcuirfear deireadh leis an ocras agus le míchothú; mar gheall ar uirlisí amhail an Líonra Domhanda maidir le Géarchéimeanna Bia feabhsaítear an acmhainneacht chun freagairt go leormhaith do ghéarchéimeanna bia agus cothaithe i gcomhthéacs an naisc idir earnáil na cabhrach daonnúla agus na forbartha agus na síochána (a chuideoidh mar sin le hacmhainní Cholún 3 a fhorscaoileadh);

(c) An ról lárnach atá ag an talmhaíocht agus an iascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe le haghaidh slándáil bia mhéadaithe a athdhearbhú ar bhonn domhanda, deireadh a chur leis an mbochtaineacht, cruthú post, maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú dó, athléimneacht agus éiceachórais fholláine;

(d) An nuálaíocht a chur ar fáil trí thaighde idirnáisiúnta agus eolas agus saineolas ar bhonn domhanda a threisiú, go háirithe taighde, eolas agus saineolas a bhaineann le oiriúnú don athrú aeráide agus maolú an athraithe aeráide, agrai-bhithéagsúlacht, i slabhraí breisluacha domhanda cuimsitheacha, sábháilteacht bia, infheistíochtaí freagracha, rialachas tionachta talún agus acmhainní nádúrtha.

*D. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ*

**1. Ról na nÚdarás Áitiúil mar ghníomhaithe forbartha a neartú tríd an méid seo:**

(a) Acmhainneacht líonraí, ardán agus comhghuaillíochtaí de chuid údaráis áitiúla na hEorpa agus an Deiscirt a mhéadú chun idirphlé beartais a bheidh substainteach agus leantach a áirithiú i réimse na forbartha agus chun rialachas daonlathach a chur chun cinn, go sonrach tríd an gCur Chuige Críochach i leith Forbairt Áitiúil;

(b) Idirghníomhaíochtaí le saoránaigh an Aontais a mhéadú maidir le saincheisteanna na forbartha (múscailt feasachta, comhroinnt eolais, rannpháirtíocht), go sonrach maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena n-áirítear san Aontas agus i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha.

**2. Sochaithe cuimsitheacha, an dea-rialachas eacnamaíoch, lena n-áirítear tiomsú ioncaim intíre atá cothrom cuimsitheach, bainistiú trédhearcach airgeadais phoiblí agus caiteachas poiblí éifeachtach cuimsitheach a chur chun cinn.**

## IARSCRÍBHINN IV
## RÉIMSÍ IDIRGHABHÁLA LE hAGHAIDH GNÍOMHUITHE MEARFHREAGARTHA

### 1. Gníomhuithe chun cur le cobhsaíocht agus cosc coinbhleachta i gcásanna éigeandála, géarchéime a bheidh ag teacht chun cinn, géarchéime agus iar-ghéarchéime.

Déanfar gníomhuithe mearfhreagartha dá dtagraítear i bpointe a) d'Airteagal 4(4) a dhearadh chun go dtabharfaidh an tAontas Eorpach freagairt éifeachtach do na cásanna eisceachtúla gan choinne a leanas:

(a) cás éigeandála, géarchéime, géarchéime atá ag teacht chun cinn nó tubaistí nádúrtha;

(b) cás ina gcuirtear i mbaol an daonlathas, an t-ord poiblí, cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, nó slándáil nó sábháilteacht daoine aonair, go háirithe na daoine sin atá faoi lé foréigin inscne i gcásanna éagobhsaíochta;

(c) cás ina bhfuil an baol ann go n-eascróidh coinbhleacht armtha as nó go ndéanfaidh an tríú tír nó tíortha lena mbaineann a dhíchobhsú go holc.

### 2. Gníomhuithe chun cur le hathléimneacht a neartú agus an chabhair dhaonnúil agus an gníomhaíocht forbartha a nascadh le chéile

Déanfar gníomhuithe mearfhreagartha dá dtagraítear i bpointe b) d'Airteagal 4(4) a dhearadh chun go neartófar athléimneacht go héifeachtach agus go nascfar an chabhair dhaonnúil agus gníomhaíochtaí forbartha le chéile, nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go mear trí chláir gheografacha agus théamacha.

Féadfar a áireamh ar na gníomhuithe sin an méid seo a leanas:

(a) athléimneacht a neartú trí thacú le daoine aonair, pobail, institiúidí, agus tíortha chun ullmhú níos fearr do strus agus suaitheadh, idir pholaitiúil, eacnamaíoch agus shochaíoch, tubaistí nádúrtha nó de dhéanamh an duine, coinbhleachtaí agus bagairtí domhanda, iad a sheasamh, dul in oiriúint dóibh agus teacht slán uatha go sciobtha; agus acmhainneacht stáit a threisiú freisin - in aghaidh brú mór chun a chroífheidhmeanna a thógáil go sciobtha, iad a choinneáil agus a athbhunú, agus comhtháthú bunúsach sóisialta agus polaitiúil agus comhtháthú na sochaithe, pobail agus daoine aonair a threisiú chun deiseanna agus rioscaí a bhainistiú ar bhonn síochánta cobhsaí agus slite beatha a bhunú, a choinneáil nó a athbhunú in ainneoin brú ollmhór;

(b) tionchair dhiúltacha ghearrthéarma a thagann as suaití eisginiúla, lena gcruthaítear neamhchobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, a mhaolú agus lena ndíreofar ar athchóirithe socheacnamaíocha agus caiteachas poiblí tosaíochta le haghaidh forbairt socheacnamaíoch agus laghdú bochtaineachta;

(c) téarnamh agus atógáil ghearrthéarma a chur i gcrích chun a chur ar chumas íospartach de dheasca tubaistí nádúrtha nó de dhéanamh an duine, coinbhleachtaí agus bagairtí domhanda leas a bhaint as méid beag áirithe de lánpháirtiú socheacnamaíoch agus, chomh luath agus is féidir, na dálaí a chruthú agus tús a chur arís leis an bhforbairt ar bhonn cuspóirí fadtéarma a leagfaidh amach na tíortha agus na réigiúin lena mbaineann; Áirítear air sin aghaidh a thabhairt ar na riachtanais

phráinneacha agus láithreacha a thagann as easáitiú daoine (dídeanaithe, daoine easáitithe agus fillí) tar éis tubaistí nádúrtha nó de dhéanamh an duine; agus

(d) cabhrú leis an stát nó leis an réigiún sásraí coiscthe agus ullmhachta gearrthéarma i gcás tubaistí a chur ar bun, lena n-áirítear tuar agus luathrabhadh, d'fhonn iarmhairtí tubaistí a laghdú.

**3. Gníomhuithe a thugann aghaidh ar riachtanais agus tosaíochtaí beartais eachtraigh.**

Le gníomhuithe mearfhreagartha dá dtagraítear i bpointe c) d'Airteagal 4(4) tacófar le beartas eachtrach an Aontais sna saincheisteanna polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála. Cuirfear ar chumas an Aontais gníomhú i gcás ina mbeidh leas beartais eachtraigh práinneach nó riachtanach, nó i gcás ina mbeidh ionú ann a chuspóirí a ghnóthú, lena n-éilítear mearfhreagairt agus i gcás gur deacair aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach eile.

Féadfar a áireamh ar na gníomhuithe sin an méid seo a leanas:

(a) tacú le straitéisí déthaobhacha, réigiúnacha agus idir-réigiúnacha an Aontais i dtaca le comhar, trí idirphlé maidir le beartas a chur chun cinn agus trí chur chuige comhchoiteann agus freagairtí comhchoiteanna a cheapadh ar dhúshláin atá ann don domhan uile, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le himirce agus slándáil, agus lena mbainfear leas as an ionú maidir leis sin.

(b) tacaíocht do bheartas trádála agus comhaontuithe trádála an Aontais agus dá gcur chun feidhme; agus rochtain ar mhargaí tíortha comhpháirtíochta a fheabhsú agus deiseanna trádála, infheistíochta agus gnó a fheabhsú do chuideachtaí ón Aontas, go háirithe FBManna, agus bacainní ar rochtain ar an margadh agus ar infheistíocht a bhaint, trí bhíthin taidhleoireacht i ndáil leis an ngeilleagar agus trí chomhar gnó agus rialála.

(c) rannchuidiú leis an ngné idirnáisiúnta de bheartais inmheánacha an Aontais a chur chun feidhme amhail *inter alia* comhshaol, athrú aeráide, fuinneamh, agus comhar ar bhainistiú agus rialachas na n-aigéan;

(d) tuiscint fhorleathan maidir leis an Aontas agus a infheicthe atá sé agus a ról ar an ardán domhanda a chur chun cinn trí thaidhleoireacht phoiblí, trí theagmháil idir daoine, trí thaidhleoireacht chultúrtha, trí chomhar i gcúrsaí oideachais agus acadúla, agus trí ghníomhaíochtaí for-rochtana chun leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn.

Leis na gníomhaíochtaí sin cuirfear beartais nó tionscnaimh nuálacha chun feidhme, a chomhfhreagróidh do riachtanais, deiseanna agus tosaíochtaí gearrthéarma nó meántéarma atá ann faoi láthair nó atá ag athrú, lenar féidir bonn eolais a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí amach anseo faoi chláir gheografacha nó théamacha. Leis na gníomhaíochtaí sin díreofar ar chaidreamh an Aontais a neartú le tíortha, an tAontas dul i mbun idirphlé leo agus comhghuaillíochtaí a chothú leis na tíortha a bhfuil leas straitéiseach ag an Aontas leo, go háirithe sna tíortha sin a bhfuil an geilleagar ag teacht chun cinn iontu agus sna tíortha sin nach bhfuil á dtuilleamh iontu ach ioncaim nach ard, ar tíortha iad a bhfuil ról tábhachtach méadaithe acu i gcúrsaí domhanda, i rialachas domhanda, i mbeartas eachtrach, sa gheilleagar idirnáisiúnta, agus i bhfóraim iltaobhacha.

## IARSCRÍBHINN V
## RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA IN OIBRÍOCHTAÍ CEFI+ A CHUIMSÍTEAR LEIS AN RÁTHAÍOCHT DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA

Is é an cuspóir a bheidh ag oibríochtaí CEFI+ atá incháilithe do thacaíocht tríd an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha díriú go háirithe ar na réimsí tosaíochta seo a leanas:

(a) maoiniúchán agus tacaíocht a sholáthar d'fhorbairt na hearnála príobháidí agus comhair a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 209(2) den [Rialachán Airgeadais], agus béim ar leith á leagan ar chuideachtaí áitiúla agus ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide, poist chuibhiúla á gcruthú agus rannchuidiú na gcuideachtaí Eorpacha le cuspóirí CEFI+ á spreagadh;

(b) aghaidh a thabhairt ar scrogaill atá roimh infheistíochtaí príobháideacha trí ionstraimí airgeadais a chur ar fáil, ar ionstraimí iad a fhéadfar a bheith ainmnithe in airgeadra áitiúil na tíre comhpháirtíochta lena mbaineann, lena n-áirítear ráthaíochtaí céadchaillteanais do phunanna, ráthaíochtaí do thionscadail earnála príobháidí amhail ráthaíochtaí iasachta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus ráthaíochtaí lena gcumhdaítear rioscaí sonracha i dtionscadail bhonneagair agus caipiteal eile riosca;

(c) maoiniú na hearnála príobháidí a ghiaráil, agus béim ar leith á leagan ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide, trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus ar chonstaicí don infheistíocht;

(d) earnálacha socheacnamaíocha agus limistéir shocheacnamaíocha agus bonneagar poiblí agus príobháideach gaolmhar agus nascacht inbhuanaithe a neartú, lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite agus inbhuanaithe, bainistiú uisce agus dramhaíola, iompar, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chomh maith leis an gcomhshaol, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, talmhaíocht inbhuanaithe agus geilleagar gorm, bonneagar sóisialta, sláinte, agus caipiteal daonna d'fhonn feabhas a chur ar an timpeallacht shocheacnamaíoch;

(e) rannchuidiú leis an ngníomhú ar son na haeráide agus le cosaint agus bainistiú an chomhshaoil;

(f) trí forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna sonracha na himirce neamhrialta, mar aon le hathléimneacht na bpobal trasdula agus óstach a chothú, agus rannchuidiú le hath-imeascadh inbhuanaithe na n-imirceach a bheidh ag filleadh ar a dtíortha tionscnaimh, agus aird chuí á tabhairt ar an smacht reachta, dea-rialachas agus cearta an duine a neartú.

## IARSCRÍBHINN VI
## RIALACHAS CEFI+

**1. Struchtúr CEFI+**

1. Beidh CEFI+ comhdhéanta d'ardáin réigiúnacha infheistíochta arna mbunú ar bhonn mhodhanna oibre, nósanna imeachta agus struchtúir na saoráidí cumaisc seachtracha atá ann cheana san Aontas, agus déanfaidh siad a n-oibríochtaí cumaisc agus oibríochtaí Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoi CEFI+ a chomhcheangal.

2. Is é an Coimisiún a áiritheoidh bainistiú CEFI+.

**2. Bord straitéiseach CEFI+**

1. Maidir le bainistiú CEFI+, cuirfidh bord straitéiseach comhairle ar an gCoimisiún, ach amháin i gcás na n-oibríochtaí a chumhdaítear le beartas an Aontais Eorpaigh um méadú agus a mhaoinítear le [IPA III], lena n-áiritheofar bord straitéiseach ina leith sin faoi Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar.

2. Cuirfidh an bord straitéiseach comhairle ar an gCoimisiún maidir le treoshuíomh straitéiseach agus tosaíochtaí straitéiseacha infheistíochtaí Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha CEFI+ agus rannchuideodh sé lena n-ailíniú le treoirphrionsabail agus le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, leis an mbeartas forbartha agus le Beartas Comharsanachta na hEorpa, chomh maith le cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo agus le cuspóir CEFI+ mar a leagtar amach in Airteagal 26. Tacóidh sé leis an gCoimisiún freisin le spriocanna foriomlána infheistíochta a leagan síos i dtaca le húsáid Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha chun tacú le hoibríochtaí CEFI+ agus déanfaidh sé faireachán ar chumhdach geografach agus téamach atá iomchuí agus éagsúlaithe d'ionú infheistíochta.

3. Tacóidh an bord straitéiseach freisin leis an gcomhordú foriomlán, leis an gcomhlántacht fhoriomlán agus leis an gcomhleanúnachas foriomlán idir na hardáin infheistíochta réigiúnacha, idir trí cholún den Phlean Eorpach Infheistíochta Seachtraí, idir an Plean Eorpach Infheistíochta Seachtraí agus iarrachtaí eile an Aontais maidir le himirce agus maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, agus mar aon le cláir eile a leagtar amach sa Rialachán seo.

4. Beidh an bord straitéiseach comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, agus de na Ballstáit ar fad agus den Bhanc Eorpach Infheistíochta. Beidh stádas breathnóra ag Parlaimint na hEorpa. Féadfar stádas breathnóra a thabhairt do rannchuiditheoirí, do chontraphháirtithe incháilithe, do thíortha comhpháirtíochta, d'eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha agus do pháirtithe leasmhara eile, i gcás inarb iomchuí. Rachfar i gcomhairle leis an mbord straitéiseach sula nglacfar le haon bhreathnóir nua. Beidh an bord straitéiseach faoi chomhchathaoirleacht an Choimisiúin agus an Ardionadaí.

5. Tiocfaidh an bord straitéiseach le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad agus, nuair is féidir, déanfaidh sé tuairimí a ghlacadh trí chomhthoil. Féadfaidh an cathaoirleach cruinnithe breise a eagrú aon tráth nó féadfar iad a eagrú arna iarraidh sin d'aon trian de chomhaltaí an bhoird. I gcás nach féidir an chomhthoil a bhaint amach, beidh feidhm ag na cearta vótála a comhaontaíodh ag an gcéad chruinniú den bhord straitéiseach agus mar a leagtar síos ina rialacha nós imeachta. Tabharfar aird chuí sna cearta vótála sin ar na foinsí maoiniúcháin. Leagfar síos sna rialacha nós

imeachta an creat maidir le ról na mbreathnóirí. Déanfar miontuairiscí agus cláir oibre chruinnithe an bhoird straitéisigh a chur ar fáil don phobal tar éis a nglactha.

6. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an bhoird straitéisigh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cur chun feidhme CEFI+. Cuirfidh an bord straitéiseach de Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar tuarascáil ar fáil maidir le dul chun cinn a dhéanfar san ionstraim ráthaíochta don réigiún um méadú chun an tuairisciú thuasluaite a chomhlánú. Déanfaidh an bord straitéiseach comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha a eagrú go rialta maidir le treoshuíomh straitéiseach agus cur chun feidhme CEFI+.

7. Ós rud é go bhfuil an dá bhord straitéiseacha ann, ní bheidh tionchar aige sin ar an ngá a bheidh le creat bainistithe rioscaí CEFI+ aontaithe aonair a chur i bhfeidhm.

**3. Boird oibríochtúla réigiúnacha**

Tacóidh boird oibríochtúla réigiúnacha na n-ardán infheistíochta leis an gCoimisiún ar an leibhéal cur chun feidhme agus spriocanna réigiúnacha agus earnála infheistíochta agus ionuithe réigiúnacha, earnála agus téamacha infheistíochta á sainiú agus ceapfaidh boird oibríochtúla réigiúnacha na n-ardán infheistíochta tuairimí maidir leis na hoibríochtaí cumaisc agus maidir leis an úsáid a bhainfear as an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha lena gcumhdaítear oibríochtaí CEFI+.

## IARSCRÍBHINN VII
## LIOSTA PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

I gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, úsáidfear an liosta seo de phríomhtháscairí feidhmíochta a leanas le gur féidir rannchuidiú an Aontais a thomhas le cuspóirí sonracha a ghnóthú.

(1) Innéacs an smachta reachta

(2) Sciar den daonra atá faoi bhun thairseach idirnáisiúnta na bochtaineachta

(3) Líon na mban in aois atáirgthe, cailíní sna déaga, agus leanaí faoi bhun 5 a tháinig faoi thionchar clár cothaithe dá dtugtar tacaíocht ón Aontas Eorpach

(4) Líon na leanaí atá bliain d'aois agus atá imdhíonaithe go hiomlán dá dtugtar tacaíocht ón Aontas Eorpach

(5) Líon daltaí atá cláraithe i mbunscoileanna nó i meánscoileanna agus faoi oiliúint dá dtugtar tacaíocht ón Aontas Eorpach

(6) Astaíochtaí gas ceaptha teasa arna laghdú nó arna seachaint (Ktona CO2eq) dá dtugtar tacaíocht ón Aontas Eorpach

(7) Limistéir éiceachóras muirí, talún agus fionnuisce atá á gcosaint agus/nó á mbainistiú ar bhonn inbhuanaithe dá dtugtar tacaíocht ón Aontas Eorpach

(8) Giaráil infheistíochtaí agus éifeacht iolraitheora a ghnóthaítear

(9) Táscaire maidir leis an gcobhsaíocht pholaitiúil agus asláithreacht an fhoréigin

(10) Líon na bpróiseas a bhaineann le cleachtais tíortha comhpháirtíochta maidir le trádáil, infheistíocht agus gnó, nó an ghné sheachtrach de bheartais inmheánacha an Aontais Eorpaigh ar ar imríodh tionchar a chur chun cinn

Déanfar na táscairí go léir a imdhealú de réir gnéis i gcás inarb ábhartha.